



# Slí na nOileán

Geimhreadh / Winter 2011  
Eagrán / Issue 07



*Cuireann Daidí na Nollag fáilte roimh na leanaí  
nua in Inis Oírr!*

Santy welcomes the newborn babies in Inis  
Oírr!



Nollaig Shona agus  
Athbhliain Faoi Mhaise

*Merry Christmas and  
Happy New Year*





## San Eagrán Seo / Contents

- 3 An Clár Forbartha Tuaithe,  
Deontais Íoctha
- 4 *Rural Development Programme,  
Grants Paid*
- 6 Scéim Sóisialta Tuaithe
- 7 *Rural Social Scheme*
- 8 "De réir a chéile a thógtar na  
caisleáin"
- 9 *Where There is a Will, There is a  
Way*
- 10 Bíodh a Fhios do Chearta  
*Know Your Rights*  
Earraí a cheanach ar an Idirlíon  
*Buying Goods on the Internet*
- 11 Cur isteach ar Liúntas Leas Forlíontach  
*Applying for Supplementary Welfare  
Allowance*
- 12 Gearán a dhéanamh faoi sheirbhísí  
sláinte agus cúraim shóisialta  
*Complaining about health and social  
care services*
- 14 Gailearaí James Dixon Oileán Thorai  
*James Dixon Gallery Tory Island*
- 15 Na Meáin Sóisialta agus na hOileáin –  
Is maith liom é!  
*Social Media and the Islands – LIKE!*

Pictiúr Lthn 1 / Picture Page 1  
Le Buíochas / With Thanks © Áine Uí Almhain



Comhshaoil, Pobal agus Rialtas Áitiúil  
Environment, Community and Local Government



Maoinithe ag Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, 2007 - 2013

## Clár Forbartha Tuaithe - Deontais Íoctha

### **Cleas Teo**

€1,512.95 chun tacaíocht teicniúil a fháil agus oiliúint a fháil chun riaradh a dhéanamh ar an Rás Cladaigh Eachtraíochta agus Rás Bóthair 10K ar Inis Oírr.

### **Mná Fiontracha**

€1,367.54 chun trealamh nua a cheannach don Chartlann Béaloidis ar Inis Mór. Tá na Mná Fiontracha ag tabhairt faoi logainmneacha ar an Oileán a bhailiú, á mapáil do chóras GPS a bheidh oiriúnach le n-úsáid le haghaidh Google Earth. Tá siad ag tabhairt faoi reiligí an oileáin a mhapáil ionas gur féidir teacht orthu ar Google Earth. Tá siad ag bailiú grianghraif, agallaimh agus amhráin freisin ionas go mbeidh traidisiúin an Oileáin caomhnaithe don phobal. Ceannaíodh na píosaí trealamh seo a leanas: scanóir, ceamara, gléas taifeadta agus píosa eile trealamh ar féidir leis teipeanna agus físeanna a aistriú chuig an ríomhaire, agus uasteilgeoir.

### **Comharchumann Forbartha & Fostaíochta Árainn Mhór**

€18,898.99 chun an Spórtlann a uásgradú. Ba trealamh baile a bhí sa trealamh a bhí á úsáid acu. Chuir an maoiniú seo ar a gcumas trealamh de ghrád tráchtála a fháil a sheasfadh níos faide.



*Spórtlann / Gymnasium Árainn Mhóir*

### **Comhar Caomhán Teo**

Sciar de €11,250.00 le huasgradú a dhéanamh ar na leithris Poiblí agus €59,906.70 do pháirc uile aimsire Astroturf.

### **Kathleen Barnes**

€485.08 chun cuidiú léi íoc as costais priontála chun bun obair ealaíona a aistriú go priontaí agus cártaí.

### **Bere Island Project Group**

€1,674.33 chun dífhibrileoir a chur ar fáil don phobal.

### **Eoghan Póil**

€3,081.82 chun mionfhiontar siúlóid treoraithe a thionscnamh in Inis Oírr agus chun suíomh idirlín agus ábhar margafóchta a fhorbairt.



*Aran Islands Walks, Inis Oírr*

### **Comharchumann Oileán Árainn Mhór Teo**

€15,493.69 d'forbairt ar áiseanna cistine na Cultúrlainne. I measc na n-áiseanna/seirbhísí atá curtha ar fáil sa chultúrlann cheana tá: Ionad Seirbhísí Teanga, Cúrsaí Gaeilge, Áiseanna Cruinnithe & Ranga, Seirbhís Fótachóipeála/facs, Ríomhlann, Ionad Eolais do Chuariteoirí, Siopa Ealaíne/Ceardaíochta/Leabhar, Caifé Idirlín, taispeántais stairiúla, sólaistí/bia áitiúil. Chuidigh an maoiniú seo le huasgradú an cistine.

Fuair siad €8,750.90 chomh maith le lomaire féir a cheannach chun na ceantair poiblí agus fóntais bhaile ar an oileán a chothabháil.

### **Micheál Ó Flátharta**

€6,868.28 i gcomhair Siopa Ceardaíochta & Caife Feirme. Cuireadh an trealamh seo ar fáil chun íoc as trealamh a bhí riachtanach chun an Caife a chríochnú amach.

### **Féile Ealaíne Earagail**

€16,277.06 chun cartlann closamhairc a fhorbairt faoi oileáin Dhún na nGall. Clúdóidh an cartlann closamhairc míreanna raidió agus teilifíse, ábhar priontáilte agus scannánaíochta, chomh maith le taifid pobail a bhaineann le hoileáin mhara Dhún na nGall. Ní raibh fáil ar an ábhar seo go dtí seo in aon ionad amháin agus bhí ar dhaoine a chuirfeadh suim ann an t-ábhar a aimsiú iad féin. Cuirtear ar fáil anois é i mbothanna idirghníomhacha i leabharlanna ar na hoileáin, chomh maith le háiteanna eile cuí ar an mórthír, ionaid poiblí de chuid na Comhairle Contae, músaeim agus in oifigí cartlann na Comhairle.

### **Áras Éanna**

€17,454 chun tograí cultúir a fhorbairt agus anailís a dhéanamh ar an éileamh a bheadh ann dá leithéid trí thaispeántas éide thraidisiúnta an oileáin agus seó samhraidh bunaithe ar scéal an oileáin a léiriú, trí dhrámaíocht, ceol, amhrán agus damhsa.

## Rural Development Programme *Grants Paid*

### **Cleas Teo**

Grant aid of €1,512.95 was paid to Cleas Teo for technical support and training for the administration of a 10K adventure Shore Race and Road race on Inis Oírr.

### **Mná Fiontracha**

Received €1,367.54 for the purchase of new equipment for the folklore archive on Inis Mór. To add to the Aran Folklore Archive, Mná Fiontracha are undertaking the collection of place names on the Island, mapping the place names for a GPS system that is suitable for usage on Google Earth. They are undertaking the digital mapping of the cemeteries of the Island so that they can be accessed on Google Earth. They are also collating photographs, interviews and songs so that the tradition of the Island is collated and preserved for the community. To ensure the development of the archive, a number of pieces of equipment are essential: A scanner, Camera, Editor recording device and other pieces of equipment that can transfer tapes and videos to the computer, and a projector that can present the collection to the public.



Cartlann Béaloideas Árainn / Aran Folklore Archive

### **CFF Árainn Mhór**

Received €18,898.99 to upgrade its Gym Equipment as the current equipment was domestic grade and was not designed for the level of use it received. This funding allowed for purchase of commercial grade equipment.

### **Comhar Caomhán Teo**

Inis Oírr Co-op received phase payments of €11,250.00 for the upgrade of the public toilets and €59,906.70 for the all weather Astro turf pitch.

### **Kathleen Barnes**

Kathleen Barnes from Clare Island received €485.08 to facilitate the printing of some new art works on to printed cards to be distributed to tourist offices in Achill and Westport.

### **Eoghan Póil**

Received €3,081.82 for Guided Walking Tour of Inis Oírr, and to develop a website and marketing for the walking tours.

### **Comharchumann Oileán Árainn Mhóir**

Received €15,493.69 for the development & upgrading of a kitchen in the Cultúrlann. Comharchumann Oileán Árainn Mhór Teo operates a cultural centre and a tourism information centre. It is a focal point for visitors to the Island and of the services provided included are; Language services support, Irish courses, Meeting facilities, IT Centre, Tourist Information Service, Arts & Crafts Shop & gallery, Internet access, Historical exhibitions, Café for light snacks.

Visitors to the Island who visit the centre, either to access information, attend the exhibitions or use the other services often require light snacks. The kitchen facilities at the centre were in need of a complete upgrade to cater for this identified need. This funding helped to upgrade the kitchen.

An bhfuil smaioineamh agat do ghnó nó do thogra?

Faigh amach an féidir le Comhar na nOileán cuidiú leat - **labhair le d'Oifigeach Forbartha**  
Máire Uí Mhaoláin  
(099) 75096  
maire@oileain.ie

They also received €8,750.90 for the purchase of a Ride-on Lawn Mower to service the public areas and amenities on the Island.

### **Micheál Ó Flatharta**

Received €6,868.28 for his Craft Shop & Farm Café. This funding was for the purchase of the necessary equipment required for the fitting out of the Coffee Shop element of the project.

### **Earagail Arts Festival Ltd**

Grant aid of €16,277.06 was paid to Earagail Arts Festival Ltd to help them establish an audio visual archive relating to all available material regarding the offshore islands of Donegal. The promoters established an audio visual archive covering radio, television, print and film materials as well as community recordings of the offshore islands of Donegal. The material has only been available to now in disparate form with no central repository. This project provides a repository that will be available to island communities, educational and other interests as well as visitors. The material is available in interactive kiosks in libraries on the islands, as well as in museum and libraries on the mainland. The Council provided kiosks in the various locations, which will be used to provide a variety of information to visitors and locals alike.

### **Áras Éanna, Inis Oírr**

Funding of €17,454.13 was paid to Áras Éanna for the development of cultural/heritage products and an analysis of the demand for same through an exhibition of traditional clothing of the Island and a summer show telling the story of the island through history and folklore, depicted through drama, music, song and dance.

Do you have an idea for a business or project?

To find out whether or not Comhar can help please contact you Project Officer  
Mary Lavelle  
(087) 2872929  
mary@oileain.ie

## Scéim Sóisialta Tuaithe *Rural Social Scheme*

Déanann Comhar na nOileán Teo riaradh ar an Scéim Sóisialta Tuaithe (SST) i gcomhar le Comharchumann agus Comhlachtaí Forbartha agus áitiúla ar na hOileáin. Tá an scéim fíor-thábhachtach do phobail na n-oileán agus tá áthas orainn go bhfuil an deis againn tacaíocht a thabhairt don obair a dhéanann rannpháirtithe ar an scéim.

Faoi láthair tá an t-uasmhéid ceadaithe de 20 rannpháirtithe ar an scéim ar deich n-oileán. Ó am go ham tagann folúntas aníos agus is féidir dul ar liosta feithimh, má tá tú incháilithe. Cuir ceist ar do CDP nó ar do Chomharchumann áitiúil maidir le incháilitheacht, nó téigh ar suíomh idirlín na Roinne Coimirce Sóisialta. \*(Féach sonraí thíos.)

Léargas ar Obair Rannpháirtithe SST ar an Oileán Mór

Tá ceathrar oibrithe fostaithe ag Comhar na nOileán faoin Scéim Sóisialta Tuaithe. Is iad sin Teddy Sullivan, John Orpen, Paul Elphick agus Patrick Dennehy agus oibríonn siad ar réimse leathan tograí.



*Patrick, John, Paul & Teddy, Lone-*

The Rural Social Scheme on the islands is administered by Comhar na nOileán Teo in cooperation with local island Co-operatives and Development Companies.

The scheme is a very important one for island communities and we are pleased that we are in a position to support the work that is carried out on islands by participants on the scheme.

At present there is the maximum quota of 20 participants on the scheme working on ten different islands. Occasionally vacancies do arise and you may be added to a waiting list if eligible. To check your eligibility please contact your local CDP or Co-op or visit the Department of Welfare's website. \* (See details below.)

### **Insight into RSS Participants'** Work on Bere Island



*John, Teddy, Patrick & Paul, Lonehort*

Bere Island has four workers employed by Comhar na nOileán under the Rural Social Scheme. These are Teddy Sullivan, John Orpen, Paul Elphick and Patrick Dennehy and they work on a range of projects.

\*<http://www.welfare.ie/EN/Schemes/RuralandCommunitySupports/Pages/ruralandcommunitysupports.aspx>

### **Dúnfort Lonehort:**

Bhíodh Lonehort lán le fásra fiáin, ach rinne na hoibrithe SST a lán oibre ag glanadh na cosáin ionas go bhféadfaí dul chomh fada leis. Anois tá na cosáin feiceálach agus tugtar aire dóibh agus gearrtar siar iad go rialta. Tá an móta glanta amach freisin agus tá sé le feiceáil ón droichead os a chionn. Glanadh amach na foirgnimh faoi thalamh agus daingníodh iad le hábhar briste stóráilte ar an suíomh. Tá na gunnaí agus soilse cuardaigh breá snasta anois agus dea-bhail orthu.



*Crochadh Burlaí / Lifting Bales*

### **Ionad Athchúrsála:**

Is acmhainn ollmhór é an t-ionad athchúrsála ar an oileán agus faigheann sé tacaíocht iontach ón bpobal uile. Bíonn John agus Teddy i gceannas air dhá lá in aghaidh na seachtaine. Folaítear plaisteach agus cairtchlár ó na boscaí bruscar, ansin déantar burláil orthu agus stóráiltear sa seid iad. Stialláitear an paipéar agus déantar burláil air agus úsáideann na feirmeoirí é mar neadú do na hainmhithe. Déantar meilt ar bhuidéil gloíní agus úsáideann an pobal áitiúil an ábhar sin le haghaidh ceapach bláthanna 7rl.

### **Áiseanna CLG:**

Ceann de na tograí móra eile a cuireadh i gcrích ar an Oileán ná go ndearnadh forbairt ar pháirc, clubtheach agus seomraí feistis CLG. Tá difir ollmhór déanta ag an áis seo do shaol an phobail áitiúil agus go háirithe na daoine óga ar an Oileán. Oibríonn Paul agus Patrick ar an bpáirc ag lomadh an fhéir, ag líneáil na páirce, ag socrú na mbratach, ag cothabháil an ceantar timpeall ar an bpáirc imeartha, ag tabhairt aire d'áiseanna an chlubtheach agus ag tabhairt deise dúinn a bheith mar óstach do chluichí baile.

Tá an Scéim Sóisialta Tuaithe lánach do fhorbairt ar an Oileán, agus murach é ní bheadh a lán áiseanna ná seirbhísí tábhachtacha againn. Glacann muid buíochas le Teddy, John, Paul agus Patrick as ucht an obair ar fad a dhéanann siad.

### **Lonehort Battery/Fort:**

As Lonehort was very overgrown, the RSS workers have carried out a lot of work clearing paths to make it accessible. Paths are now visible and are maintained and strimmed regularly. The moat has also been cleared and is visible from the bridge above. The underground buildings have been cleaned out and made secure with broken material being stored on site. The guns and searchlights have been cleaned and are in good condition.

### **Recycling Centre:**

The recycling centre is a huge resource to the island and is well supported by everyone. It is manned two mornings per week by John and Teddy. Plastic and cardboard are emptied from bins, then baled and stored in the shed. Paper is shredded and baled and used by local farmers for animal bedding. Glass bottles are crushed and the material used by the local community for flower beds etc.

### **GAA Facilities:**

One of the last major projects to be completed on the island was the development of the GAA pitch and clubhouse with dressing rooms. This facility has made a huge difference to the lives of local people and especially to the youth of the island. Paul and Patrick work at the pitch mowing grass, lining the pitch, placing the flags, maintaining the grounds, maintaining the clubhouse facilities and enabling us to host home matches.



*Socrú Brataigh / Placing Flags*

The Rural Social Scheme plays a key part in the development of the island, without which many important facilities and services would not exist. For that we thank Teddy, John, Paul & Patrick for all the work they do.

## "De réir a chéile a thógtar na caisleáin"

Where There is a Will, There is a Way

Ar bhriseadh ghairid san Inbhear Nís in Albain i mí na Samhna, stop mé go tobann nuair a chonaic mé comhartha i ngairdín os comhair sean-tí. Léirigh an comhartha go raibh oifig *"The Highland Small Communities Housing Trust"* laistigh. Is carthanacht chláráithe í seo a bunaíodh in 1998 chun cabhrú le pobail tuaithe réiteach fadtéarmach a aimsiú dá riachtanais tithíochta áitiúla. Ó shin i leith tá tithíocht tuaithe ar phraghas réasúnta ar fáil do na pobail áitiúla. Tá ionadaithe san Iontaobhas ó raon leathan grúpaílena n-áirítear grúpaí pobail, Rialtas Áitiúil, Gníomhaireachtaí Stáit, Crochtóirí agus Comhlachais Tithíochtaí. Bíonn deis ag na Grúpaí Pobail agus Úinéirí Talún talamh a dhíol agus a scaoileadh leis an Iontabhas, agus muinín acu nach ndíolfar na láithreáin seo i gcomhair tithe samhraidh ag praghsanna áiféiseacha. Ceann de na coinníollacha ná go bhfanadh na tithe nó na láithreáin seo ag ráta laghdaithe d'úsáid an phobail go suthain.

While on a short break in Inverness in Scotland during November I stopped in my tracks when I saw a sign in a garden in front of an old building. The sign indicated that inside was the office of **The Highland Small Communities Housing Trust**, a registered charity set up in 1998 to help rural communities secure long term solutions to their local housing needs. Since then affordable rural homes have become a reality for local communities. The Trust has representation from a wide range of groups including community groups, Local Government, State Agencies, Crofters and Housing Associations. Landowners and Community Groups have the opportunity to sell or release land to the Trust, safe in the knowledge that these sites or houses will not be sold on as holiday homes at exorbitant prices. One of the conditions is that these houses or sites remain in perpetuity at a discounted rate for community use.





San áireamh in obair an Iontabhais, bíonn na réimsí seo a leanas:

- Measúnú a dhéanamh ar na riachtanais tithíochta atá ag pobail áitiúla agus freagairtí praiticiúla a aimsiú
- Suirbhéanna a dhéanamh sna réigiúin áitiúla agus clinicí rúnda duine le duine a chur ar fáil
- Láithreáin a aimsiú agus a cheannach chun tithíocht tuaithe a fhorbairt ar phraghas réasúnta
- Na láithreáin sin a dhíol ar phraghas laghdaithe le daoine áitiúla a dteastaíonn uathu fanacht sa cheantar
- Tithe inbhuanaithe ar phraghas réasúnta a thógáil, cothabháil a dhéanamh orthu agus seirbhísí a chur ar fáil dóibh
- Áitribh a cheannach, a fheabhsú agus a ligean ar cíós d'oibríthe
- Iniúchóireacht talún a dhéanamh

Caithefear láithreáin a chur ar fáil don Iontaobhas ag praghas níos ísle ná luach an mhargaidh agus d'fhéadfadh sé go dtiocfadh na suíomhanna sin ó fhoinsí poiblí nó príobháideacha. Nuair a dhíoltar na tithe den chéad uair cuireann an Iontaobhas Muirear Tithíochta Tuaithe (RHB) ar gach díolachán. Daingníonn sé seo gnáthscair sa teach atá cothrom leis an lascaine ar luach an mhargaidh a léiríonn an praghas díolacháin. Sna Garbhchríocha bíonn rátaí difriúla i gceist do cheantair difriúla. I láthair an huair tá an Iontaobhas ag scrúdú féin-tógáil mar mhodh chun tithíocht ar phraghas réasúnta a chur ar fáil do theaghlaigh óga a dteastaíonn uathu fanacht ina bpobail féin, trí phlásóg ar phraghas réasúnta a chruthú do fhéin-tógálaí ar ioncam íseal.

Rith sé liom go bhféadfadh Oileáin leochaileacha na hÉireann úsáid a bhaint as struchtúir den chineál sin chun cúnamh a thabhairt dá bpobail. Go minic bíonn costas na dtithe atá ar díol go háitiúil ró-ard do na daoine óna dteastaíonn siad, agus go minic maireann na daoine seo i gcarbháin, i dtithe príobháideacha neamhdhaingean nó i lóistín mí-oiriúnach. Ní i gcónaí a bhíonn Tithíocht Comhairle Áitiúla ná Tithíocht Shóisialta ar fáil ar na hOileáin. Creidim gur fiú fiosrú an bhféadfaí Iontaobhas Tithíochta a chruthú d'Oileáin na hÉireann.

Mary Lavelle, Oifigeach Tograí  
*Project Officer, Comhar na nOileán*



The work of the Trust includes:

- Assessing local communities' housing needs and identifying practical responses to those needs
- Carrying out surveys in local areas and the provision of confidential one to one surgeries
- Finding and buying sites for affordable rural housing development
- Selling these site at a discount to local people who wish to remain in the area
- Building sustainable, affordable homes that are serviced and maintained
- Buying, improving and renting properties to workers
- Carrying out land audits

Sites have to be made available to the Trust at below market value and can come from both the private and public sector. When first selling the homes, the Trust applies a Rural Housing Burden (RHB) to all sales. This secures an equity share in the home that is equivalent to the discount on market value that the selling price represents. Different areas in the Highlands have different rates. The trust is currently examining self building as a way to help provide affordable housing to young families who wish to stay in their communities, by creating affordable serviced plots to low income self builders.

I could not help but think that the more vulnerable Irish offshore Islands could avail of such a structure to help their communities. The cost of locally available housing for sale is often beyond the means of those in need, who often end up living in caravans, insecure private lets or in unsuitable accommodation. County Council Housing or Social Housing is not always available on the islands. I believe that the idea of an Islands Housing Trust is something worth investigating.

Tuilleadh Eolais ar fáil ag / *Further information available at:*  
<http://www.hscht.co.uk>

An Clár Forbartha Pobail Áitiúil  
The Local Community Development Programme  
Bíodh fhios agat do Chearta!  
Know Your Rights!

**Ceist 1: Earraí a cheannach ar an Idirlíon**

D'ordaigh mé roinnt bronntanais Nollag ó láithreáin ghréasáin na RA agus Bheilgeacha. An féidir liom iad a sheoladh ar ais mura mbeidh mé sásta leo ?

**Question 1: Buying goods on the Internet**

I have ordered some Christmas presents from UK and Belgian websites. Can I return them if I'm not happy with them when they arrive?

**Freagra:**

Cuimsítear ceannaigh ar líne laistigh den AE ag Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Ciandíol ('European Directive on Distance Selling'). Tá tú i dteideal tréimhse mharana 7 lá faoin Treoir seo. Le linn na tréimhse marana, is féidir leat cianchonarthaí a chealú gan cúis a thabhairt agus gan muirir nó pionóis a thabhtú, seachas na muirir a d'fhéadfaí a thabhtú agus na hearraí á seoladh ar ais.

Ní mór duit **na hearraí a sheoladh ar ais** laistigh den tréimhse 7 lá seo. Ní leor a rá go seolfaidh tú ar ais iad.

Tosaíonn an tréimhse 7 lá ar **an lá a fhaigheann tú an táirgeadh**, ní ar an lá a cheannaíonn tú é.

Nuair a dhéantar cealú, tá oibleagáid ar an díoltóir thú a aisíoc laistigh de 30 lá. A luaithe a bheidh an conradh curtha ar ceal, cealófar aon chomhaontuithe sochair a rinneadh tráth an chonartha chomh maith.

Ba cheart gur chuir do sholáthraí deimhniú an chonartha i scríbhinn ar fáil duit, lenar áiríodh faisnéis faoi sheirbhísí iardhíola agus faoi ráthaíochtaí, conas an conradh a chealú mar aon le seoladh poist le haghaidh gearán. Sa chás nach gcuireann soláthraí an deimhniú seo i scríbhinn ar fáil, is féidir an tréimhse mharana a shíneadh a fhad de 3 mhí ón dáta a fhaigheann tú na hearraí.

**Answer:**

Online purchases within the EU are covered by the European Directive on Distance Selling. Under this Directive you are entitled to a cooling-off period of 7 days. During the cooling-off period, you can cancel distance contracts without giving a reason and without incurring charges or penalties, other than possible charges incurred in returning the goods.

You must **send the goods back** within this 7-day period. It is not enough to say that you will return them.

The 7-day period begins on **the day that you receive the product**, not the day that you make the purchase.

Upon cancellation, the distance seller is obliged to repay you within 30 days. Once the contract is cancelled, any credit agreements entered into at the time of the contract will be cancelled as well.

Your supplier should have provided you with written confirmation of the contract, including information on aftersales and guarantees, how to cancel the contract and a postal address for complaints. Where a supplier doesn't provide this written confirmation, the cooling-off period can be extended to 3 months from the date you receive the goods.

D'fhéadfaí gan glacadh le cealú, áfach, i gcásanna áirithe, amhail a leanas:

- Níor seoladh ar ais na hearraí de bharr gur saindearnadh iad duitse
- Taifeadtaí fuaimne nó físteípe iad na hearraí (amhail CDanna/DVDanna) nó bogearraí ríomhaire ar bhris tú an séaladh a bhí orthu
- Nuachtáin nó irisleabhair iad na hearraí
- Braitheann praghas na n-earraí nó na seirbhísí ar luaineachtaí sa mhargadh airgeadais thar chumas an sholáthraí. Cuireadh tús cheana féin leis an soláthar seirbhísí nuair a cuireadh tús le do chomhaontú.

Déileálann an Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí le fiosrúcháin faoi cheannaigh laistigh den AE.

## **Ceist 2: Cur isteach ar Liúntas Leasa Forlíontach**

Dúradh liom cur isteach ar Liúntas Leasa Forlíontach (LLF) fad a bheidh mé ag feitheamh leis an Liúntas Cuardaitheora Poist. Céard é LLF agus cár féidir liom cur isteach air?

### **Freagra:**

Cuireann Scéim an Liúntais Leasa Fhorlíontaigh (LLF) liúntas bunúsach seachtainiúil ar fáil do dhaoine ag a bhfuil ioncam íseal nó ioncam ar bith. Is é an príomhchuspóir atá aige seo ioncam bunúsach íosta a chinntiú agus chun cabhair láithreach a thabhairt do dhaoine atá ag feitheamh le hÍocaíochtaí eile Stáit.

Áirítear freisin, sa Scéim, na nithe a leanas:

- Liúntas Cíosa;
- Forlíonadh Ús Morgáiste;
- Íocaíochtaí singil le haghaidh riachtanais phráinneacha nó eisceachtúla
- Íocaíochtaí i gcásanna éigeandála, ar nós tuile.

Cancellation may not be accepted, however, in certain cases, as follows:

- The goods cannot be returned because they were made specially for you
- The goods are audio or video recordings (like CDs/DVDs) or computer software whose seals have been broken by you
- The goods are newspapers or magazines
- The price of the goods or services is dependent upon financial market fluctuations that are beyond the supplier's control.  
The provision of services has already begun with your agreement.

The European Consumer Centre handles queries on purchases within the EU.

## **Question 2: Applying for Supplementary Welfare Allowance**

I was told to apply for Supplementary Welfare Allowance (SWA) while I wait for a decision on Jobseeker's Allowance.

What is SWA and where do I apply?

### **Answer:**

The Supplementary Welfare Allowance (SWA) Scheme provides a basic weekly allowance for people with little or no income. Its main purpose is to guarantee a basic minimum income and provide immediate help for people waiting for decisions on other State payments.

The Scheme also includes:

- Rent Supplement;
- Mortgage Interest Supplement;
- Single payments for urgent or exceptional needs;
- Payments in emergency situations, such as flooding.

## **C2: Cur isteach ar Liúntas Leasa Forlíontach (ar lean)**

Ba iad Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) a bhíodh ag riar Scéim an LLF trína líonra d'Oifigigh Leasa Pobail (OLP). Aistríodh an uile OLP le déanaí chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí agus tugtar anois orthu ionadaithe den Roinn Coimirce Sóisialaí a riarann an Liúntas Leasa Forlíontach.

Tá na hoifigigh seo fós bunaithe in ionaid sláinte go fóill, mar sin, is féidir leat cur isteach ar íocaíocht Liúntais Leasa Fhorlíontaigh trí chuairt a thabhairt ar d'ionad sláinte áitiúil. Beidh ar ionadaí na Roinne measúnú a dhéanamh ar d'ioncam – d'fhéadfadh cuairt ar do bhaile bheith i gceist leis seo. Déanfaidh siad thú a chur ar aghaidh chuig gníomhaireachtaí eile Stáit agus/nó chuig eagraíochtaí eile deonacha, más cuí. Mar shampla, d'fhéadfaidís thú a chur ar aghaidh chuig an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (MABS).

Ní mór duit bheith tar éis cur isteach ar aon sochar nó liúntas eile a bhféadfá bheith ina dteideal sula gcuireann tú isteach ar LLF. Íocaíocht tástáil mhaoine atá sa LLF. Sa mhullach air sin, ní mór duit an coinníoll um gnáthchónaithe a shásamh.

De ghnáth ní cháileoidh tú le haghaidh aon íocaíochta faoin Scéim Liúntas Leasa Fhorlíontaigh má tá in oideachas lánaimseartha nó in obair lánaimseartha – is é sin, má oibríonn tú breis agus 30 uair sa tseachtain.

## **Q2: (continued) Applying for Supplementary Welfare Allowance**

The Health Service Executive (HSE) used to administer the SWA Scheme through its network of Community Welfare Officers (CWOs). All CWOs have recently transferred to the Department of Social Protection and are now known as Department of Social Protection representatives administering Supplementary Welfare Allowance.

These officials are still based in health centres, therefore, in order to apply for a Supplementary Welfare Allowance payment you will need to visit your local health centre.

The Department's representative will have to assess your income – this may involve a home visit.

They will actively refer you to other State agencies and/or voluntary organisations, if relevant. For example, they may refer you to the Money Advice and Budgeting Service (MABS).

Before applying for SWA you must have applied for any other benefit or allowance that you may be entitled to. SWA is a means-tested payment. You must also meet the habitual residence condition.

You will not normally qualify for any payment under the Supplementary Welfare Allowance Scheme if you are in full-time education or full-time work – that is, working for more than 30 hours per week.

An bhfuil ceist agat faoi do chearta?  
Cuir glaoch ar Chomhar na nOileán nó seol rphost chugainn agus cuirfidh muid i dteagmháil leis an duine cuí tú!

*Do you have a question about your rights?  
Call Comhar na nOileán or send us an email  
and we will put you in touch with the right person!  
(099) 75096 maire@oileain.ie*

### **Ceist 3: Gearán a dhéanamh faoi sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta**

Nílimid sásta leis an tseirbhís atá á fáil ag ár dtuismitheoirí scothaosta agus ag a bhfuil sláinte shoghonta ó roinnt gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta. Cén áit agus conas gur féidir linn gearán a dhéanamh?

#### **Freagra:**

Is féidir leat teacht ar an áit cheart le do chuid aiseolais a thabhairt ar an láithreán gréasáin a seoladh le gairid ar a dtugtar [healthcomplaints.ie](http://healthcomplaints.ie). D'fhorbair grúpa eagraíochtaí poiblí agus deonacha an láithreán gréasáin seo, lena n-áirítear an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Cuirtear faisnéis ar fáil ar [healthcomplaints.ie](http://healthcomplaints.ie) faoi conas gearán a dhéanamh faoi sheirbhísí cúram sláinte nó cúraim shóisialta in Éirinn. Tá sé dírithe ar dhaoine a bhaineann leas as seirbhísí sláinte agus cúram sláinte, chomh maith lena dteaghlaigh, a lucht cúraim agus a lucht tacaíochta.

Chomh maith leis na roghanna a mhíniú maidir le gearán a dhéanamh faoi lear mór seirbhísí sonracha, áirítear leis an láithreán litreacha gearáin, cás-stáidéir agus treoracha samplacha faoi conas gearán a dhéanamh, mar aon le seicliostaí le cabhrú lena chinntiú go dtugann tú an uile fhaisnéis ábhartha.

Is féidir leat leabhrán, bileog agus postaer a íoslódáil ón láithreán, ina mínítear céard a dhéanann sé agus conas leas a bhaint as.

### **Question 3: Complaining about health and social care services**

We are not happy with the service that our frail and elderly parents are getting from a number of health and social care professionals.

Where and how can we complain?

#### **Answer:**

You should be able to find the right place to give your feedback on a recently launched website called [healthcomplaints.ie](http://healthcomplaints.ie). This website has been developed by a group of public and voluntary organisations, including the Citizens Information Board.

Healthcomplaints.ie provides information on how to make a complaint about a healthcare service or a social care service in Ireland. It is aimed at people who use health and social care services, as well as their families, care-givers and advocates.

As well as explaining the options for making a complaint about many specific services, the site also includes sample complaint letters, case studies and guides on how to complain, along with checklists to help ensure that you give all the relevant information.

You can download a booklet, a leaflet and a poster from the site, explaining what it does and how to use it.

Tuilleadh eolais ar fáil ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, Íosghlao 1890 777 121

*Further information available from the Citizens Information Phone Service, Lo-call 0761 07 4000*

[www.citizensinformation.ie](http://www.citizensinformation.ie)

Gailearaí James Dixon  
James Dixon Art Gallery  
Oileán Thoraí

Tá na céadta i ndiaidh cuairt a thabhairt ar Dhánlann James Dixon ó osclaíodh é i 1992. Ach ar an drochuair le blianta beaga anuas tá drochbhail tagtha ar an bhfoirgneamh, de thairbhe a suímh, agus anois tá athchoiriú de dhíobháil go géar. Mar atá, ní thig pictiúir a choinneáil ná a thaispeáint ann.

Tá Scoil Phéintéireacht Thoraí imithe ó neart go neart agus anois tá naonúr ag peinteáil, an duine deireannach den chéad ghlúin, Patsaí Dan Mac Ruaidhrí (Rí Thoraí) chomh maith le Antain Ó Mianáin, Ruairí L. Mac Ruairí, Michéal F. Mac Ruairí, an tríú glúin mar atá Majella Ní Chuilinn, Daniel Ó Cuilinn, Nóirín Ní Mhianáin, Christina Nic Ruaidhrí agus Pádraig Ó Duibhir.

Tá sé i gceist acu airgead go leor a thógáil le go dtig leo an dánlann a chóiriú agus an traidisiúin seo de phéintéireacht bhunúsach a chaomhnú, traidisiúin atá chomh tábhachtach sin do phobal bheag an Oileáin.

Ba mhaith leo buíochas ó chroí a ghabháil le achan duine ina n-iarrachtaí leis an gailearaí seo a chaomhnú! Is iad naoi bpictiúr saineiúla ó ealaíontóirí Thoraí na duaiseanna atá acu do chrannchur ar mhaithe leis an nGailearaí. Beidh na ticéid ar díol go dtí 30 Nollaig 2011 agus beidh €10 ar an ticéad. Tarraingeofar na buaiteoirí ar 6 Eanáir 2012 ar chlár Rónán Beo - Raidió na Gaeltachta agus cuirfear scéala chuig na buaiteoirí ar ghuthán nó tríd ríomhphoist.



*Patsaí Dan Mac Ruaidhrí*

*Más mian leat cuidiú, nó má theastaíonn tuilleadh eolais uait, déan teagmháil le Daniel nó Majella Ní Chuilinn.*

Daniel Ó Cuilinn (086) 876 3754



*James Dixon*

The James Dixon Art Gallery has welcomed thousands of visitors since it opened to the public in 1992. However, over the past number of years due to the remoteness of its location the building has deteriorated drastically and is now in need of urgent repairs. As it stands, it cannot be used to exhibit or store works.

The Toraigh School of painters now has nine members, the last remaining original member, Patsy Dan Rodgers (King of Tory), Antoin Meenan, Ruairí L Rodgers, Michael F Rodgers and a third generation, Majella Cullen, Daniel Cullen, Noreen Meenan, Christina Rodgers and Padraig Diver.

They are now hoping to raise funds to rebuild the Gallery and continue in the tradition of naïve art that means so much to a small island community like Toraigh.

They would like to thank everyone for their efforts to save the gallery! They are to raffle works from each of the Tory Island artists, nine original works in total. Tickets are on sale until 31 December 2011 at a cost of €10 each. The raffle will be held on 6 January 2012 and the winners will be announced on the Rónán Beo show - Raidió na Gaeltachta and will also notified by phone or email.

*Anyone wishing to make a donation or looking for further information can contact Daniel or Majella Cullen.*

Majella Ní Chuilinn (086) 262 0154

Na Meáin Sóisialta agus na hOileáin – Is maith liom é!

*Social Media and the Islands – LIKE!*

Tá áthas an domhain ar Chomhar na nOileán faoi chomh maith agus a d'éirigh leis na ceardlanna oiliúna sna meáin shóisialta a reachtáil muid le deanaí i nGaillimh, i gCathair na Mart, i nGaoth Dobhair agus i mBeanntraí. Buíochas ó chroí le Carmel Dooley ó *PR Works* a reachtáil na ceardlanna seo. Tá súil againn go bhfuil sibhse, na díograiseoirí nua sna meáin shóisialta, ag máistreacht amach ar na huirlisí líonraithe seo! Seo sracfhéachaint ar obair roinnt de fhionraithe agus lucht gnó na nOileán atá ag baint leasa cheana féin as na huirlisí seo, agus ag cur lena mbonn custaiméirí féideartha.

**Téigh ar an idirlíon agus brú 'Is maith liom é' ar na leathanaigh seo!**



Comhar na nOileán are delighted with the success of our recent social media training workshops, which took place in Galway, Westport, Gaoth Dobhair and Bantry. Our sincere thanks go to Carmel Dooley of *PR Works* for running the workshops. We hope all you budding social media enthusiasts are mastering some or all of these networking tools! Here's a glance at the work of some island entrepreneurs and business owners who are already taking advantage of these tools, thereby increasing their potential customer base.

**Get connected now and LIKE these pages!**

# Comhar na nOileán Teoranta



## An Geimhreadh ar na hOileáin *Winter on the Islands*

### Sonraí Teagmhála / Contact Details

Majella Ní Chríocháin  
P.O.F / C.E.O, Inis Oírr 099-75096 [majella@oileain.ie](mailto:majella@oileain.ie)

Marian Uí Chonghaile  
Riarthóir Airgeadais / Financial Administrator, Inis Oírr 099-75096 [marian@oileain.ie](mailto:marian@oileain.ie)

Máire Uí Mhaoláin  
Riarthóir/Oifigeach Forbartha / Administrator/Development Officer, Inis Oírr 099-75096 [maire@oileain.ie](mailto:maire@oileain.ie)

Gráinne Ní Chonghaile  
Rúnaí/Riarthóir S.S.T / Secretary/RSS Administrator, Inis Oírr 099-75096 [grainne@oileain.ie](mailto:grainne@oileain.ie)

Mary Lavelle  
Oifigeach Forbartha / Projects Development Officer, Inishbofin 095-45016 [mary@oileain.ie](mailto:mary@oileain.ie)